Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026
(OR. en)

10089/26

LIMITE

COH 101
SOC 310
SAN 387
FIN 811
CADREFIN 261
POLGEN 146
CODEC 1087

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0239(COD)**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11769/25 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [maidir le Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034<br>– *Cur chuige ginearálta páirteach* |

PUBLIC

## I. CÚLRA

1. An 16 Iúil 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa a thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa mar chuid de chreat na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí a leagtar amach i Rialachán (AE) [Pleananna CNR], agus ar Ciste é lena mbunaítear coinníollacha maidir le tacaíocht ón Aontas d'fhostaíocht ardcháilíochta, scileanna agus cuimsiú sóisialta a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2034[1]. Comhlánaíonn an togra an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pleananna CNR, lena leagtar síos rialacha sonracha maidir le raon feidhme na tacaíochta ó Chiste Sóisialta na hEorpa faoin gCiste Aonair.

2. Tá an dréacht-Rialachán bunaithe ar Airteagal 164 agus Airteagal 175 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra an 28 Aibreán 2026[2].

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) atá an phríomhfhreagracht. Ceapadh na Feisirí David Casa (PPE, MT, EMPL) agus Marit Maij (S&D, NL, EMPL) mar chomhrapóirtéirí.

## II. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

5. Tá sainordú ag an Meitheal um Bearta Struchtúracha agus na Réigiúin is Forimeallaí (Meitheal SMOR) caibidlíocht a dhéanamh maidir leis an togra le haghaidh Rialachán CSE, cé is moite de na gnéithe idir lúibíní atá fágtha don phlé Mheitheal *ad hoc* maidir le CAI, agus a bhfuil a dtoradh san áireamh sa bhosca caibidlíochta.

---

[1] 11769/25.

[2] IO C, C/2026/1977, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/1977/oj.

6. Phléigh Meitheal SMOR an togra ag dhá chruinniú, an 4 agus an 26 Bealtaine 2026. Leag Uachtaránacht na Cipire tábhacht ar leith ar thuiscint na mBallstát ar an gcreat atá beartaithe a fheabhsú, ag féachaint go háirithe do chomhthéacs níos leithne an togra le haghaidh Rialachán maidir le Pleananna CNR.

7. Ar bhealach níos mionsonraithe, ina tograí comhréitigh, bhí sé d'aidhm ag an Uachtaránacht cothromaíocht níos fearr a bhunú idir airteagail agus aithrisí, sainmhínithe agus soiléirithe a chur ar fáil i ndáil le raon feidhme an rialacháin, agus é a chomhchuibhiú le forálacha Rialachán maidir le Pleananna CNR.

8. Léirítear toradh na hoibre sin i dtéacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh.

## III. CONCLÚID

9. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a dhéanamh:

   – a dhearbhú go bhfuiltear ar aon fhocal maidir le téacs an chur chuige ghinearálta pháirtigh, mar a leagtar amach in 10163/26 é, agus

   – a mholadh don Chomhairle teacht ar chur chuige ginearálta páirteach mar a leagtar amach in 10163/26 é, mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, chun cur ar chumas na hUachtaránachta caibidlíocht a dhéanamh le Parlaimint na hEorpa.

10. I gcomhréir leis an gcur chuige i ndáil le trédhearcacht reachtach a d'fhormhuinigh Coreper an 14 Iúil 2020, agus i gcomhsheasmhacht iomlán le Rialachán (CE) 1049/2001 agus le Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, déanfar téacs an tsainordaithe chomhaontaithe sin a chur ar fáil don phobal mura rud é go ndéanfaidh Coiste na mBuanionadaithe agóid.

PUBLIC